

Matamaitic	Meitheal Forbartha Cruinniú 5 Cur Síos Gairid		16 Eanáir 2025
Mír ar an gClár	Nótaí		
Miontuairiscí, Nuashonruithe, Rialachas	<p>Aontaíodh na miontuairiscí agus níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl.</p> <p>Tugadh nuashonrú don Fheidhmeannas maidir le teacht i bhfeidhm an phróisis chomhairliúcháin don cháipéis eolais agus iarradh ar na baill daoine a threorú chuici.</p>		
Snáithe aontaitheach a fhorbairt	<p>Bhreathnaigh an Mheitheal Forbartha ar mhíreanna féideartha le haghaidh snáithe aontaitheach ina raibh comhthiomsú d'ionchur meithle ó Mheitheal Forbartha 4. Bhris an Mheitheal Forbartha isteach i ngrúpaí níos lú le plé a dhéanamh ar na hábhair seo a leanas: timthriall an réitigh fadhbanna, cruthúnas, gnásanna matamaiticiúla, ag úsáid teicneolaíochta. Áiríodh leis an aiseolas iomlánach ón Meitheal Forbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> - A thábhachtaí is atá soiléireacht i bhfianaise go bhfuil forluí idir roinnt mhaith de na míreanna, amhail cuir chuige i leith réiteach fadhbanna, réasúnaíochta, gnásanna agus cruthúnais - Bíonn neart deiseanna de dhíth ar an scoláire le naisc a dhéanamh, le teibíú a úsáid agus le patrúin a aithint ar fud na míreanna foghlama sa Mhatamaitic, i bhfianaise na n-idirnas eatarthu - Ní mór deiseanna a chur ar fáil sa tsonraíocht chun inniúlacht sa réasúnaíocht, sa chosaint agus sa chumarsáid a fhorbairt seachas gnás a mhacasamhlú gan aon tuiscint air - A thábhachtaí is atá sé an réasúnaíocht le teicneolaíocht a úsáid a mheas - Is gnéithe tábhachtacha d'fhoghlaim na matamaitice iad teacht aniar, buanseasmhacht, triail agus feabhsú, machnamh, cruthaitheacht agus cumarsáid - Cuireadh béim ar an tábhacht atá le cumarsáid agus comhoibriú a áireamh. 		
Na chéad chéimeanna eile	<p>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht ghníomhach leis an gcruinniú. Déanfaidh an Feidhmeannas athbhreithniú ar an bplé agus ullmhóidh sé dréachtábhair don chéad chruinniú eile</p> <p>An Chéad Chruinniú Eile: an 11 Feabhra 2025, in oifigí CNCM, Port Laoise.</p>		